Gás nádúrtha
Taraifí Cónaithe
Deireadh Fómhair 2011

Bord Gáis Energy
samhlaímis

BGE/RG/T/1011

Taraifí Cónaithe

Tá Bord Gáis Energy tiomanta chun seirbhís na gcustaiméirí agus fiúntas airgid a fheabhsú. Dearadh ár dtaraifí chun a bheith dírithe ar an gcustaiméir, agus chun a bheith trédhearcach agus bainteach leis na costais.

Tá rogha de na trí tharaif thall ar fáil do chustaiméirí cónaithe a mbíonn úsáid bhliantúil acu faoi bhun 73,000 kWh in aghaidh na bliana.

Gnáth-tharaif

Tá dhá chuid sa ghnáth-tharaif. Tá muirear seasta de €82.89 (€73.03 gan CBL san áireamh) in aghaidh na bliana. Tá ráta aonaid aonair de 5.432 cent (4.786 cent, gan CBL san áireamh) i gceist, in aghaidh an kWh de ghás a úsáidtear.

Gnáth-tharaif réamhíoctha

Cuirtear ar ghnáth-tharaif go huathoibríoch na custaiméirí a úsáideann méadar réamhíocaíochta chun cabhrú le húsáid gháis a bhuiséadú sa todhchaí. Féach thuas i gcomhair tagartha.

Taraif gan muirear seasta

Dearadh an taraif seo le haghaidh custaiméirí ar fearr leo gan muirear seasta a íoc. Tá dhá shraith de rátaí aonaid le haghaidh úsáid gáis i gceist, in áit muirear seasta.

Is iad na rátaí aonaid ná 8.321 cent (7.331 cent, CBL gan áireamh) in aghaidh an kWh don chéad 2,870 aonad de ghás a úsáidtear, agus 5.432 cent (4.786 cent, CBL gan áireamh) in aghaidh an kWh ina dhiaidh sin.

Taraif sábhála Gheimhridh

Leis an taraif seo beidh muirear seasta de €255.31 (€224.94 gan CBL san áireamh) agat in aghaidh na bliana. Tá tú i dteideal ansin 3,174 aonad cuachta a fháil thar tréimhse an gheimhridh gan táille bhreise a ghearradh ort. **Cabhraíonn sé seo le cothromú a dhéanamh ar chostais d'úsáid gháis le linn na bliana, rud atá ina chabhair leis na billí is mó le linn mhíonna an Gheimhridh.**

Tá ráta aonaid aonair de 5.432 cent (4.786 cent, gan CBL san áireamh) i gceist, in aghaidh an kWh de ghás a úsáidtear.

Tabhair faoi deara le do thoil: beidh na custaiméirí a roghnaíonn an taraif seo tiomanta le fanacht leis an taraif seo ar feadh tréimhse 12 mí.

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn uait ár roghanna íocaíochta a fhiosrú, nó má tá moltaí sábhála fuinnimh uait, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag **www.bordgaisenergysupply.ie** nó glaoigh ar **1850 632 632**.

Dochar Díreach - ag tabhairt cabhair buiséadaithe duit

Is é Dochar Díreach an modh is áisiúla chun do bhille gáis nádúrtha a íoc. Is deacair Dochar Díreach a shárú mar mhodh íocaíochta. Roghnaigh ceann ar bith de na roghanna thíos chun modh áisiúil gan dua a roghnú chun do bhille a íoc.

Ar líne: Cláraigh do Dhochar Díreach ar líne trí chuairt a thabhairt ar **www.bordgaisenergy.ie**
Guthán: Cláraigh ar an nguthán trí ghlaoch a chur ar **1850 632 632**.
Post: Cláraigh tríd an bhfoirm 'Dochar Díreach' a chomhlánú ar chúl do bhille gáis nádúrtha agus í a chur chugainn.

Bíodh sonraí bainc do chuntas reatha agus do bhille gáis in aice láimhe agat le do thoil.

Má theastaíonn cúnamh nó comhairle uait déan teagmháil linn le do thoil:

Teil: 1850 632 632
Facs: 1850 631 631
info@bordgais.ie

Gás nádúrtha tí
Bord Gáis Energy
Bosca Oifig Phoist 10943
Baile Átha Cliath 1

Tabhair do d'aire chun an leibhéal is airde seirbhíse a choinneáil d'fhéadfaimis monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar ghlaonna.